

Mar a Déarfá!

An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge

Croí na Scéime



Arna fhoilsiú ag
Breacadh
Casla
Co. na Gaillimhe.

An Chéad Chló 2017
(fain ainm 'Treoirleabhar an Teagascóra')
An Dara Cló 2018
© Breacadh 2018

ISBN 978-1-910892-12-1

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den leabhar seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead scríofa a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Níl cead an CÓRLÁN nó liostaí / bainc focla ná uirlisí anailíse / meastóireachta an tsaothair seo a úsáid mar bhunús le saothar ar bith eile gan cead scríofa ón bhfoilsitheoir.

Dearadh: Olivia Hearne
Obair Ealaíne: Ken Lee



Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge © 2017



CLÁR

1. I mBeagán Focal	10
2. <i>Mar a Déarfá!</i> mar scéim tosaigh litearthachta: An Cód Soiléir	19
3. <i>Mar a Déarfá!</i> mar scéim idirghabhálach litearthachta: Anailís & Pleanáil dá Réir	27
4. An Córlán	39
5. Na Focla Místuama (na hAmharcfhocla / focla ardmhinicíochta)	138
6. Measúnú Leanúnach ar an bhFoghlaim	145
Aguisíní	
<i>Aguisín 1:</i> 7 bPóstaer don Chód Soiléir	151
<i>Aguisín 2:</i> 7 bPóstaer don Chód Doiléir	158
<i>Aguisín 3:</i> Spraoi le Scileanna! (sraith shóisearach bunscoile)	165
<i>Aguisín 4:</i> Aibítir na Gaeilge	175
<i>Aguisín 5:</i> Na Focla Místuama (Leagan an Chaighdeáin)	177
<i>Aguisín 6:</i> Líonta na nDamhán Alla	181
<i>Aguisín 7:</i> Scéim Mháire Ní Chéilleachair	196
<i>Aguisín 8:</i> Foclóirín Téarmaíochta	206

Tiomnaítear an saothar seo
do **Sheosamh Mac Donncha**, nach maireann,
ceannródaí agus fear físe,
as a chomhairle, a thacaíocht agus a chairdeas gan sárú.

Maireann lorg a láimhe is a chuideachta chuanna.



Buíochas

Ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt ar dtús do bheirt bhan chróga! Duine acu sin ná Máire Ní Chéilleachair, oideachasóir agus craoltóir den chéad scoth, go ndéana Dia grásta uirthi. Rinne Máire rangú ar phríomhfhuaimeanna na Gaeilge (Aguisín 7), rud a thug túsphointe agus struchtúr don saothar seo. Tháinig Gobnait Uí Chonchubhair – Ciarraíoch mná eile ón pharóiste céanna nach mór – i gcomharbacht ar Mháire. Ní bréag a rá nach mbeadh aon *Mar a Déarfá!* ann inniu gan í. Is í Gobnait a chomhstiúraigh an bhunobair seo, a rinne taighde agus a dhear formhór na n-acmhainní liom agus a leasaigh na cleachtaí tacaíochta ar líne arís agus arís eile nuair a tháinig muid ar chleasa nó ar ghníomhaíochtaí a mheas muid a d'fheabhsódh iad.

Buíochas ó chroí chomh maith le Máirín Uí Niaidh, mo leathbhádóir i mBreacadh, as an obair mhór a chuireann sí isteach i saothair uile Bhreacadh. Is cinnte nach mbeadh *Mar a Déarfá!* ann ach an oiread gan í! Is mór agam a comhairle mar bhean a bhfuil tuiscint, muinín agus saineolas faoi leith aici ar mhúineadh na fónaice agus na litearthachta i ndiaidh na mblianta atá caite againn ag saothrú an ghoirt seo.

D'oibrigh foireann mhór chainteoirí dúchais Gaeilge ar an leagan Connachtach seo de *Mar a Déarfá!* Chaith cuid acu dua le cleachtaí agus cuid eile le haistriú ábhair, le rangú agus le taifeadadh fuaimeanna nó le cumadrimeanna! Táimid go mór faoi chomaoin acu uile; Róisín Nic Dhonncha, Caitríona Ní Chonaola, Geartrúd Mhic Con Iomaire, Siobhán Seoige, Anna Ní Chartúir, Jane Uí Mhainín, Caitlín Ní Chualáin agus Caitríona Ní Ghriallais a d'oibrigh ar ghnéithe éagsúla den ábhar, nó a chuir comhairle orainn maidir le cúrsaí canúna. Gabhaim buíochas freisin le hÁine Mac Namara Uí Ghrádaigh a roinn a cuid saineolais ar chláir éagsúla fónaice go fial linn, agus le Jacaí de Brún agus Seán Mac Corraidh, údair an tsárshaothair *Fónaic na Gaeilge*, a chuir comhairle orainn agus a spreag go mór muid agus *Mar a Déarfá!* á fhorbairt againn.

Ár mbuíochas chomh maith le Neasa Ní Chuaig, Bairbre Ní Thuairisg, Paula Nic Cionnaith, Ciara Ní Niaidh, Beirín Ní Chuinn, Róisín Elsafty, Rónán Brown, Deirdre Ní Thuathail & foireann Chló Iar-Chonnachta, Mairéad Breathnach, Stiofán Seoige, Máirín Mhéinín Ní Chonghaile, Cathleen Ní Chonghaile (Cleas Teo.), Fionnuala Ní Ghiobúin, Máire Seoige, Muireann Ní Chuív, Brian Ó Curnáin, Lillis Ó Laoire agus Diarmuid Ó Sé as a dtacaíocht.

Tá buíochas speisialta ag gabháil do bhainistíocht agus do bhaill agus d'iarbhaill Choiste Comhairleach Bhreacadh ón bhliain 2000 anuas; go háirithe do Mháire Uí Éanaigh, duine de bhunaitheoirí Bhreacadh, a raibh sé de sprioc aici ó thús ama go gcuirfí áis den chineál seo ar fáil mar bhunchloch don oideachas Gaeltachta, agus do Sheosamh Mac Donncha, nach maireann, a thug tacaíocht, comhairle agus spreagadh as cuimse dúinn san obair seo, go gcúití Dia a shaothar leis. Buíochas ó chroí fosta le Cróna Ní Ghallchóir, John Kennedy, Mary Walsh agus Tomás Breathnach as a dtacaíocht mhór d'fhoireann Bhreacadh síos trí na blianta, do chomhordaitheoirí aosoideachais na Gaeltachta agus go speisialta do na foghlaimeoirí fásta a thug moltaí agus aiseolas luachmhar dúinn faoi na hacmhainní seo agus iad á bhforbairt agus á dtástáil againn.

Táimid fíorbhuíoch de bhaill reatha Choiste Comhairleach Bhreacadh chomh maith as a dtacaíocht leanúnach; Eithne Nic Dhonnchadha, Cathaoirleach Bhreacadh & Stiúrthóir Aosoideachais le Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe-Ros Comáin; Dolores Mhic Géidigh, Eagraí Litearthachta d'Aosaigh, Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall; Breandán Ó Lionáird, Príomhoide, Coláiste Ghobnatan, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí; Máirtín Ó Móráin, Áisitheoir Oideachais Pobail, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh & Liatroma agus Nicola McCarthy-Hanlon, Eagraí Litearthachta d'Aosaigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge & Loch Garman.

Ar deireadh, is rímhór againn an tacaíocht dílis atá tugtha don saothar seo le blianta anuas ag Ferdia Mac an Fhailigh, Foras na Gaeilge agus ag Muireann Ní Mhóráin agus foireann COGG. Tá codanna éagsúla an tsaothair seo á gcomh-mhaoiniú le tuiscint agus le foighne ag an dá eagrais ó chuaigh muid i bpáirt leo sa bhliain 2009.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!



Mar a Déarfá! *An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge* © 2017



Réamhrá

Cúlra & an Bunchóras

Bunaíodh Breacadh sa mbliain 2000 le tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí aosoideachais na gCoistí Gairmoideachais na Gaeltacht (na Boird Oideachais & Oiliúnaíocht). Óntús, thuig Coiste Comhairleach Bhreacadh go raibh easpa mhór muiníne ar go leor foghlaimeoirí fásta i léamh agus i scríobh a dteanga dhúchais agus go raibh géarghá le scéim fónaice / litrithe mhionghrádaithe sa nGaeilge, le gabháil i ngleic leis seo.

Chuir muid mórthaighde eolaíoch ar fhocla ‘ardmhinicíochta’ sa nGaeilge i gcrích i 2007. Foilsíodh *Liostaí Bhreacadh*, ina bhfuil cuntas le fáil ar na focla is coitianta i labhairt na teanga sna ceantair Ghaeltachta, agus i scríobh na Gaeilge, idir chanúint agus chaighdeán. Ina dhiaidh sin, bhailigh muid agus rinne muid anailís ar na dearmaid choitianta scríofa a bhíonn ag foghlaimeoirí fásta agus ag gasúir scoile (aríst, sna canúintí éagsúla). Chreid muid go mbeadh ról tábhachtach ag an dá phíosa taighde sin in aon chóras a chuirfí ar fáil. Tosaíodh i mbun mórthaighde ansin ar dhea-chleachtais ár linne i dteagasc na fónaice agus na litearthachta, **ar bhonn fianaise**.

I measc na bhfoinsí taighde agus na córais is mó a chuaigh i bhfeidhm orainn agus a raibh tionchar acu ar *Mar a Déarfá!*, tá *Phonics Ireland*, *Jolly Phonics*, *Fónaic na Gaeilge*, *Words Their Way*, *Sound Linkage*, *The Newell Literacy Programme* agus *Scéim Foghraíochta Mhuintearais*. Chuaigh an sár-áis ar líne *Spelfabet* i bhfeidhm go mór orainn chomh maith.

Seo bunacmhainní na scéime:

- **Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge – Croí na Scéime**
(an leabhar seo): déantar cur síos anseo ar an gcóras fhéin agus ar na príomhmhodhanna múinte a mholtar ag na céimeanna éagsúla. Tá uirlisí anailíse agus measúnaithe le fáil ann, chomh maith le liosta de na focla ardmhinicíochta a ndírítear orthu. Is féidir PDF den leabhar seo a íoslódáil, saor in aisce, ar www.maradearfa.ie.
- **An Córlán:** seo cnámh droma na scéime – an córas mionghrádaithe fhéin, ina leagtar síos an t-ord ina múintear 218 cód ‘fuaim-litriú’, agus liostaí focla tráthúla ag chuile chéim. Tá **5 chéim** an Chórláin le fáil sa leabhar seo. (Tá póstaer de na céimeanna, chomh maith le cur síos ar na príomhréimsí a chlúdaítear ag chuile chéim, le feiceáil ar lgh. 28 & 29).
- **2 shraith póstaer** (14 san iomlán)
- **Luaschártaí A4** den chéad 42 fuaim (Céim 1 de *Mar a Déarfá!*)
- **Luaschártaí láimhe** den chéad 42 fuaim
- **Sciob Sceab!** Cluiche déanta focla
- **Sraith físeán agus taifeadtaí fuaime**
- **M’Fhoclóir Fuaimeanna A & B.**
- **Na Cleachtaí Tacaíochta Ranga:** Réimse leathan cleachtaí, bunaithe ar fhormhór na 218 ‘cód’. Cuirfear na cleachtaí seo ar fáil ar líne de réir a chéile.

An Cód Soiléir & An Cód Doiléir

Is é an rud is suntasaí faoi *Mar a Déarfá!* ná go bhfuil sé dírithe ar riachtanais – agus ar bhuanna – an chainteora dhúchais. Is ar an mbunús sin a baisteadh *Mar a Déarfá!* air agus is ar an mbunchloch sin a thógtar na scileanna i **gcódú** (scríobh) agus i **ndíchodú** (léamh) na Gaeilge. Díríonn *Mar a Déarfá!* ar na príomhfhuaimeanna a dhéanann an cainteoir dúchais ina theanga labhartha fhéin a cheangal le ‘cóid’ scríofa na bhfuaimeanna sin.

I gCéim 1, múintear **An Cód Soiléir** – nó na **41 - 43 bunlitriú ar phríomhfhuaimeanna na Gaeilge**. Bíonn ar chumas foghlaimoirí tabhairt faoin tsaorscríbhneoireacht nuair a bhíonn an méid seo foghlamtha acu agus, go hiondúil, is féidir a gcuid scríbhneoireachta a léamh agus a thuiscint, cé go mbíonn an litriú sa gCód Soiléir amháin, m.sh.:

hua sí aibhale unsin .

(Chuaigh sí abhaile ansin.)

Leantar le céimeanna eile an chláir ansin – **An Cód Doiléir**, nó na bealaí eile le príomhfhuaimeanna na Gaeilge a litriú – go dtí go mbainfidh foghlaimoirí amach ardchaighdeán cruinnis i léamh agus i scríobh na teanga, m.sh.:

An Cód Soiléir: **í**

An Cód Doiléir: **aoi, síos, croí, suí ...**

* Ar ndóigh, níl na fuaimeanna daite thuas uilig díreach mar a chéile, ach ón anailís a rinne muid ar dhearmaid choitianta litrithe ag cainteoirí dúchais, is minic a úsáidtear leithéidí an Chóid Shoiléire ‘í’ do na Cóid Dhoiléire ‘aoi’, ‘uí’ srl.

An Córán agus an Cur Chuige

Tá ord faoi leith molta don teagasc, ar nós ‘SATPIN’ an Bhéarla. Tugann muid **An Córán** ar an gcóras mionghrádaithe seo, mar go dtosaíonn sé leis na 6 fhuaim:

c / ó / r / l / á / n

Sa gcur chuige seo, múintear grúpaí beaga fuaimeanna don fhoghlaimoir, go dtí go mbíonn na 40+ phríomhfhuaim múinte. Cuirtear an bhéim ar an bhfuaim ghlan a aithneachtáil agus a rá go cruinn, agus ansin foghlaimítear an litriú is simplí nó is coitianta den fhuaim sin (**An Cód Soiléir**). Tá na fuaimeanna glana le cloisteáil ar Fhíseán 1, ar www.maradearfa.ie. Ba cheart do theagascóirí na fuaimeanna a chleachtadh go maith sula dtosaítear ag plé le cúrsaí fónaice sa rang.

Chomh luath agus a bhíonn dóthain fuaimeanna nua múinte, tosaíonn an foghlaimoir ag Cur le Chéile na bhfuaimeanna le focla a dhéanamh, agus ag Baint ó Chéile na bhfuaimeanna le focla a scríobh agus a litriú. Is dhá scil iad sin a oibríonn as lámh a chéile. Ansin, cleachtaíonn an foghlaimoir Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla:

b-án → l-án → lá-b srl.

Ní gá go mbeadh na fuaimeanna uilig ag chuile chéim ar eolas sula dtosófaí ar Chur le Chéile agus Baint ó Chéile fuaimeanna i bhfocla. Is **TRÍD** an obair seo a thugann foghlaimoirí leo na cóid ‘fuaim-litriú’ go minic.



De réir a chéile, léann an foghlaimeoir focla beaga, focla níos dúshlánaí (focla le cnuaschonsain / focla ilsíollacha), nathanna beaga agus abairtí simplí. Bíonn ábhar léitheoireachta, chomh maith le deachtú, bunaithe go tréan ar an gCorlán agus ar na hamharcfhocla atá múinte go dtí sin don fhoghlaimeoir. Ar an mbealach sin, bíonn an méid atá foghlamtha á chleachtadh agus á dhaingniú agus muinín ag an bhfoghlaimeoir tabhairt faoin obair. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear focla gan chiall chomh maith sa gCorlán nuair a bhíonn focla samplacha gann, nó le heolas an fhoghlaimeora ar na cóid litrithe a chleachtadh agus a thástáil.

Tá dhá shraith póstaer ar fáil don Chód Soiléir agus don Chód Doiléir (14 san iomlán) agus sraith pictiúr *Cluais an Cholúir* do bhunscoileanna le ‘scileanna ionsaithe focla’ a fhorbairt agus a dhaingniú ar bhealach spráúil (www.maradearfa.ie).

Cé gur le cúrsaí fónaice a leagtar an bhunchloch (An Cód Soiléir), téitear i muinín rialacha litrithe, gramadaí agus eile de réir mar a fheileann, le córas litrithe na Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach. Cuirtear béim mhór ar chúrsaí gramadaí – sa gCód Doiléir go háirid – i bhfianaise na n-athruithe rialta a thagann ar fhocla Gaeilge de bharr na dtuiseal, an tséimhithe, an uraithe, srl., agus i bhfianaise neamhchosúlacht fhuaimeanna na mbriathra lena bhfoirmeacha scríofa. Is tríd an **Fiosrú Focal** is mó a mhúintear é seo ar fad (lth. 18). Cuimhneoidh an foghlaimeoir i bhfad níos fearr ar na patrúin agus ‘rialacha’ a oibreoidh sé fhéin nó a ghrúpa foghlama amach.

Gnéithe éagsúla eile den chlár

Chomh maith leis an obair seo ar na príomhfhuaimeanna, bíonn forbairt á déanamh ar scileanna riachtanacha eile, scileanna éisteachta agus idirdhealaithe, mar shampla;

- Gutaí Leathana V Gutaí Caola (bá V bé)
- Consain Leathana V Consain Chaola (mall V. meall) (Físeán 2 ar www.maradearfa.ie)

Arís, déantar go leor den obair seo tríd an **Fiosrú Focal** (lth. 14).

Na Focla Ardmhinicíochta

San am céanna, múintear na focla ardmhinicíochta. Focla an-choitianta iad sin *nach* leanann an Cód Soiléir. Cuirtear de ghlanmheabhair iad mar ‘amharcfhocla’, ar nós focla Dolch an Bhéarla.

Focal Scoir

Cuireadh ceardlanna ar siúl sna ceantair éagsúla Ghaeltachta le hionchur agus aiseolas a fháil faoi na háiseanna thuas agus muid á bhforbairt. Cuireadh an mhodheolaíocht agus na hacmhainní faoi bhráid chomhordaitheoirí aosoideachais, teagascóirí aoslítearthachta, foghlaimeoirí fásta agus múinteoirí meánscoile agus bunscoile (san Iarthar, ó thuaidh agus ó dheas) len iad a mheas agus a thástáil sa seomra ranga. Frítheadh treoir agus aiseolas chomh maith ó shaineolaithe oideachais agus ó theangeolaithe.

An sprioc a leag muid amach dúinn fhéin an chéad lá ariamh ná scéim láidir litearthachta a chruthú a bheadh dírithe go sainiúil ar an bhfoghlaimeoir Gaeltachta – scéim a bhainfeadh buntáiste as teanga shaibhir, chanúnach an chainteora dhúchais agus a thógfadh ar an mbunchloch sin, ag úsáid córas céimnithe agus modhanna múinte den scoth. Tá súil againn gur éirigh linn an sprioc sin a bhaint amach agus go gcuirfidh *Mar a Déarfá!* go mór le cumas, le muinín agus le taitneamh an chainteora dhúchais agus é ag gabháil i ngleic le scríobh agus le léamh na Gaeilge.

Nóirín Ní Ghrádaigh, Eagarthóir
Samhain 2017

1. I mBeagán Focal

Cén Cur Chuige atá i gCeist?

Le cúrsaí fónaice a leagtar an bhunchloch ach téitear i muinín rialacha litrithe, gramadaí agus eile de réir mar a fheileann, le patrúin litrithe na Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach.

An Cúrsa é Mar a Déarfá!?

Níor leagadh *Mar a Déarfá!* amach mar chúrsa per se. Baintear úsáid as uirlis shimplí mheasúnaithe le leibhéal an fhoghlaimora fhásta a mheas. Léiríonn an uirlis céard atá ar eolas ag an bhfoghlaimoir agus cá bhfuil na bearnaí ina chuid eolais ó thaobh na fónaice agus eile de, le go ndíreofaí orthu sin. Go bunúsach, is clár nó áis idirghabhálach é *Mar a Déarfá!* a cruthaíodh d'fhoghlaimoirí fásta Gaeltachta a théann ar ais ag a gcuid oideachais. Mar gheall ar an gcur chuige idirghabhálach atá ann, tá *Mar a Déarfá!* an-fheiliúnach le cruinneas scríofa / litrithe a chur chun cinn i meánscoileanna Gaeltachta agus sna hardranganna bunscoile, fite fuaite le hobair an churaclaim. Bheadh gnéithe éagsúla den chlár nó de na háiseanna tacaíochta feiliúnach do ghaelscoileanna agus do ghnáthscoileanna freisin.

An féidir Mar a Déarfá! a úsáid mar chlár tosaigh fónaice?

Ainneoin gur clár idirghabhálach a leagadh amach i dtús aimsire, is féidir *Mar a Déarfá!* a úsáid mar chúrsa *tosaigh* liteartha anois. Pléitear leis na fuaimeanna in ord faoi leith agus liostaí focla teoranta ar ar bhaist muid 'An Córán'. Is féidir an t-ord sin a leanacht le clár fónaice córasach, céimnithe a mhúineadh ó bhonn.

Tá teacht ar ord molta agus liostaí focla an Chórláin sa treoirleabhar seo. Moltar don mhúinteoir ábhar tacaíochta breise a chruthú – go háirithe ábhar léitheoireachta – a bheadh feiliúnach do leibhéil, aoiseanna agus spéiseanna na bhfoghlaimoirí. Moltar go mbeadh aon ábhar léitheoireachta – focla, nathanna, abairtí gearra, scéalta beaga, srl. – i gcanúint an fhoghlaimora agus i gcónaí **bunaithe ar na fuaimeanna agus focla a múineadh go dtí an pointe sin** (na focla ardmhínicíochta / místuama san áireamh). Tá ábhar léitheoireachta do Chéim 1 le fáil ar www.maradearfa.ie.

Ceist na gCanúintí

Tá bunacmhainní *Mar a Déarfá!* ar fáil faoi láthair i gcanúint na Mumhan (Corca Dhuibhne) agus canúint Chonnacht (leagan seo Chois Fharráige). Beidh leagan Uladh á fhoilsiú againn de réir a chéile sna míonna atá romhainn amach.

Tuigeann muid, ar ndóigh, go bhfuil difríochtaí – amanta suntasach! – idir mionchanúintí Chonnacht, agus beidh cóip saor in aisce de chairt na bpríomhfhuaimneanna agus den Chórlán ar fáil gan mhoill sna mionchanúintí seo a leanas (ar www.maradearfa.ie):

Contae na Gaillimhe: An Cheathrú Rua, Camus, Ceantar na nOileán, Dúiche Seoigeach, Inis Meáin, Inis Mór, Inis Oírr, Iorras Aithneach.

Contae Mhaigh Eo: An Eachléim, Ceathrú Thaidhg, Tuar Mhic Éadaigh, Acaill.

Contae na Mí: Ráth Chairn



An Fheasacht Fhóineolaíoch



“It is more logical to teach awareness of the sound system and then **anchor** letter to it. Without phonological/phonemic awareness, children will not be able to benefit from work on phonics.”

– Louisa Moats (1998)

“Phonological awareness is a **prerequisite** of phonics. **If phonological awareness is not developed, phonic instruction will be ineffective** – without an awareness first and foremost of the sounds of the language, the children will have difficulty with the symbols that represent those sounds.”

– Mairéad Ní Mhurchú (1998)

Ba cheart forbairt mhór a bheith déanta ar an bhFeasacht Fhóineolaíoch sula dtosófaí ar bhunchéim seo *Mar a Déarfá!* le foghlaimeoirí. Nuair a bhíonn foghlaimeoirí in ann na siollaí a chloisteáil i bhfocla, na príomhfhuaimneanna a chloisteáil i bhfocla (tús, lár, deireadh), agus iad a chur le chéile agus a bhaint ó chéile de réir cluaise srl., bíonn sé i bhfad níos éasca na fuaimeanna a cheangal lena bhfoirm scríofa ansin agus na gníomhaíochtaí céanna a dhéanamh (i.e. cúrsaí fónaice).


Tá mionchur síos ar thábhacht agus ar chur chuigí don Fheasacht Fhóineolaíoch le fáil sa leabhar *Sound Linkage* (Wiley Blackwell, 2014). Ar ndóigh, leantar le forbairt na feasachta fóineolaí mar dhlúthchuid den Fhónaic chomh maith. Tá go leor gníomhaíochtaí ranga le fáil ar líne ó BELB (Bord Oideachais agus Leabharlaine Bhéal Feirste). Google-áil: **Eolas Fóineolaíoch -1**

Bunchloch na Fónaice: Achoimre

An Cód Soiléir

Tá 41-43 phríomhfhuaim sa nGaeilge ach tá suas le 220 bealach lena litriú!

Mar shampla, seo cuid de na bealaí inar féidir an fhuaim ‘a’ mar atá i ‘las’ a litriú:



Tugann muid an Cód Soiléir ar an litriú is simplí nó is coitianta d’fhuaim – sa gcás seo, ‘a’ mar atá i ‘las’. Tugann muid na Cóid Dhoiléire ar na litrithe malartacha eile ar fhuaim. Sa gclár *Mar a Déarfá!* múintear na Cóid Shoiléire litrithe don 41-43 phríomhfhuaim Ghaeilge ar dtús: ceanglaítear litriú faoi leith le chuile fhuaim, múintear cén chaoi fuaim ghlan ghonta an litrithe a dhéanamh, chomh maith leis na bunscileanna a theastaíonn don litearthacht:

1. Fuaimeanna a chur le chéile don léamh agus
2. Fuaimeanna a bhaint ó chéile don scríobh / litriú.

An Cód Doiléir

Nuair a bhíonn an cód soiléir múinte, díritear ar mhúineadh litrithe **malartacha** na 41-43 phríomhfhuaim Ghaeilge. Úsáidtear réimse leathan bealaí leis seo a dhéanamh – cúrsaí fónaice, rangú agus ‘fiosrú’ litrithe, rialacha nó nósanna litrithe, rialacha gramadaí ar nós ‘Caol le Caol, Leathan le Leathan’, foghlaim de ghlanmheabhair, srl.

Cur Chuige na Fónaice

Na Prionsabail

1. Is grúpa fuaimeanna chuile fhocal (f-**ea**-r).
2. Tá litriú ag dul le chuile fhuaim (c-**á**-s).
3. Is féidir fuaim a scríobh le litir amháin nó le níos mó ná litir amháin.
M.sh. Tá **h**ata ar **Sh**íle

4. **Fuaim Chéanna – Litrithe Difriúla:**

Bíonn an fhuaim chéanna le litrithe difriúla go minic sa nGaeilge*.
m.sh. **cr**óí, **má**laí, **Ao**ife, **su**í, **sí**os, srl.

**NB: Ní bhíonn fuaimeanna na bhfocla díreach mar a chéile go hiondúil, ach bíonn siad chomh cosúil is go ndéanann foghlaimeoirí iad a mheascadh.*

5. **Litriú Céanna – Fuaimeanna Difriúla:**

Bíonn an litriú céanna le fuaimeanna difriúla go minic sa nGaeilge.
m.sh. Pádr**ai**g, **Ai**sling, b**ai**nne.

Na Bunscileanna

1. **Fuaimeanna a Chur le Chéile** i bhfocla
2. **Fuaimeanna a Bhaint óna Chéile** i bhfocla
3. **Scríobh agus Abair:** abraíonn an foghlaimeoir chuile fhuaim amach os ard agus é/i ag scríobh nó ag léamh focla.
4. **Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla:** faigheann an foghlaimeoir cleachtadh ar fhuaimneanna a mhalartú nó a fhágáil ar lár i bhfocla, focla gan chiall san áireamh.
5. **Fiosrú Focal:** déanann an foghlaimeoir staidéar ar a theanga labhartha fhéin agus ar ghrúpaí focla scríofa, le cóid litrithe (agus patrúin úsáideacha eile, más ann dóibh) a aithneachtáil nó a oibriú amach.
6. **Comparáid a dhéanamh idir fuaimeanna caola agus leathana (consain agus gutaí):** caithfidh foghlaimeoir a bheith in ann na difríochtaí seo a chloisteáil, go háirithe chun dul chun cinn a dhéanamh ó Chéim 3 ar aghaidh.
7. **Rialacha nó Nósanna Litrithe:** úsáideann an foghlaimeoir iad seo chun barr feabhais a chur ar a litriú. Go minic, aimsítear iad, nó tuigtear i gceart iad ón bh**Fiosrú Focal**.

Fiosrú Focal & Anailís ar Dhearmaid

Mar a fheicfead ar lth. 19, sa gCód Soiléir (na 42 fuaim ag Céim 1), tá béim ar na cóid ‘fuaim litriú’ a chur de ghlanmheabhair agus ansin ar fhocla a dhéanamh leo, de réir na fónaice. Ar **lgh. 23-25**, tá cur síos an mbunchur chuige a úsáidtear le fuaimeanna a chur le chéile i bhfocla don léamh agus a bhaint ó chéile nó a bhabhtáil don scríobh / litriú.

San obair ar an gCód Doiléir (Céimeanna 2-5), cuirtear an-bhéim ar an bh**Fiosrú Focal** chomh maith mar mhodh;

Word Study engages students in guided self-discovery about how words work, leading to the knowledge and understanding of why words are written in a certain way.

(Ceardlann ‘Word Study’, PDST, 2015)

Ar **lgh. 35-38** (Líonta an Damháin Alla), tugtar spleáchadh ar an gcur chuige seo. Aithnítear go bhfuil bealaí éagsúla le go leor de na bunfhuaimneanna sa gCód Soiléir a litriú. Mar a pléadh cheana, tugann muid na Cóid Doiléire litrithe orthu seo, mar shampla:

An Cód Soiléir: **á** = **á**

An Cód Doiléir: **á** = bl**á**th, fa**igh**, ad**h**mad, bre**á**, a**rd**, ba**rr**, ca**m** srl.

Sa bhFiosrú Focal, tugtar grúpaí focla d’fhoghlaimoir nó do ghrúpaí beaga foghlaimoirí le sórtáil agus le fiosrú. Aimsíonn na foghlaimoirí **fhéin** patrúin, nósanna nó ‘rialacha’ a bhaineann leis na focla, faoi threoir an teagascóra. Mar shampla, aimsíonn foghlaimoirí patrúin leanúnach litrithe (barr, carr, cearr); tagann siad ar litriú ceart trí fhilleadh ar an mbunfhocal (ar an **gailín** – ar an **gcailín**) nó trí riail aitheanta gramadaí a chur i bhfeidhm (hat**í** = hat**á**... ‘Caol le Caol, leathan le leathan’). Go minic sa bhFiosrú Focal, tagann tuiscint domhain chuig foghlaimoirí ar ghnéithe éagsúla den ghramadach agus a dtionchar ar an litriú (tuiséal, iolra, urú, séimhiú srl).

An buntáiste mór a bhaineann leis an bhFiosrú Focal ná go mbíonn foghlaimoirí ag fiosrú agus ag aimsiú eolais agus patrún **iad fhéin**. Bíonn siad **gníomhach** sa bhfoghlaim. De réir na saineolaithe, cuimhníonn muid ar 70-80% de na rudaí a phléann muid le daoine eile agus a mbíonn páirt ghníomhach againn fhéin iontu. Tá mionchuntas ar an modh teagaisc ‘Fiosrú Focal’ agus ar ghníomhaíochtaí ranga sa leabhar *Words Their Way: Word Study for Phonics, Vocabulary & Spelling Instruction* (Pearson, 2013).

... The real work of learning comes when we try to resolve things, think about them and work on them...

(Professor Aidan Morris, Ceardlann PDST, 2015)

Molann muid go láidir freisin anailís a dhéanamh ar dhearmaid na bhfoghlaimoirí – sa tsaorscríbhneoireacht agus sa deachtú – agus na dearmaid a úsáid le ceachtanna sa bhFiosrú Focal a leagan amach.

A spelling error can reveal the deficit in student knowledge that caused it. Once we have identified the deficit that has caused an error, we can target it effectively in our teaching.

(*Diagnostic Analysis of Spelling Errors*, Eoin Shanahan, Ceardlann PDST, 2016)



Príomhfhuaimeanna na Gaeilge: An Cód Soiléir

Gutaí

á	ó	ú	é	í
ál	ól	sú	gé	rí
a	o	u	e	i
las	gob	pus	te	mil



Consain

b	c	d	d'	f	g	h
bád	cúl	dó	deifir	fás	gúna	hata
j ¹	l	m	n	p	r	-r'
jíp	lón	mór	nóta	poc	rós	fir
s	s'	t	t'			
sop	sicín	túr	t ^{ag} itim			

Eile

ua	ia	ng	bh	bh'	ch	ch'
fuar	iasc	ingar	an bhó	an bheirt	chas	an cheist
dh	dh'	fh	ai	agh	abh	t' ²
dhá luch	dhíbir	an fhidil	craic	slaghdán	babhla	tíl



¹ Ní mhúinfeá 'j' ar chor ar bith anseo, mar chuid den Chód Soiléir, más ionann an fhuaim atá leis agus le 't caol' (títim).

² Fuaim bhréise 't caol' sa gcanúint. Moltar gan í a mhúineadh go mbeidh an 't caol' is coitianta (títim) ar eolas go maith.

Príomhfhuaimheanna na Gaeilge – CONNACHT (Cois Fharraige; Consain – 27)

Na Consain Phléascacha

b bád i bp ictiúr b'fhada	c cúl	d leathan dó i dt obar d'ól d'fhág	d caol deifir i dte ach d'íth	g gúna i gc úl	h hata thug sheas chuála cuirfidh	p poc
t leathan túr an tsrón	t caol 1 titim	t caol 2 tíl	bh leathan an bhó a mhac i bhfad	fh an fhidil bóthar / fáth nigh i ndiaidh dubh	j jíp	

Na Consain Leanúnacha (Chuimilteacha)

f fás a phost	l lón mall	m mór i mbád	r leathan rós barr cnoc	r caol fir	s leathan sop zú
s caol sícín zeabra	bh caol bhí mhíll veain i bhfeis sámh ubh	ch leathan chas scuabfadh mharódh d'imeodh	dh leathan dhá ba ghá	dh caol dhíriugh ghéill	ng ingar rang

Príomhfhuaimanna na Gaeilge – CONNACHT (Cois Fharraigne) (Gutaí - 16)

Fuaim		Guta amháin	Dhá / trí ghuta	Consain a athraíonn fuaim an ghuta / na ngutaí atá rompu	Guta/í + Consan Séimhithe
1	á	ál	breá áit / geáitse	ard / ceard / cairde Carna / Bearna / tairne tharla barr / gearr mall / geall crann / ceann cam	ád (mór) scáth faigh adhmad
2	ó	ól os (cionn)	beo / feoil Cóil	ord / dorra / orlach oird / oirméis eorna	modh comhrá ceannóidh / baileoidh gabhfaidh ogham / loighic roth
3	ú	sú	siúl / ciúin cúis nó / (níos) mó nua	rón / móin Nóta / Nóirín fonn uirlis / tuirne	cumhdaigh / ciumhais / cumha rugadh garbh / arbhar comharsa / damhán alla Siobhán
4	é	gé	tae / Gaeilge léim scéal Aodán		féith léigh réidh aon troigh droichead
5	í	rí	braon / Aoine draíocht croí síos málaí buí	im / droim / suim inti / binse / muintir / iontach millte / (na) bail binn / crainnte / boinn / cruinn (os) cionn	is cuimhneach scíth / a ithe geimhreadh snaidhm agaibh ceaptha / feicthe maraithe / feistithe fichead
6	a: las	las i bhfolach	eala gaineamh		dath / maith

Príomhfhuaimheanna na Gaeilge – CONNACHT (Cois Fharráige) (Gutaí - 16)

	ai: ais	chonaic	craic sea / veain	againn	leath
7					
8	o	gob	seo uirthi		(le) sruth is oth liom
9	u	pus mála mo uirthi	ionad inniu seomra cuid caitín	tonn síleann / salann tamall / imeall	guth chomh amuigh / cheannaigh ceolmhar casfaidh talamh glanadh
10	e	te ar idir	leis air bhuel soir		(rud a) thomhais deich
11	i	mil mise	fios oileán uisce Samhain (go) deimhin		(ar) bith brífidh sé ceistigh ag briseadh nigh
12	abh: babhla			bord / dorna / oirméis orlach poll donn	babhla / leabhar / lobhadh Samhain / sleamhain / domhan togha bodhar / Sathbh deirfiúr
13	agh: slaghdán		(ar) airde Ó Laoi coicís	coill caint ceird / éirigh	slaghdán / maighdean / righin / deighilt / foighde meidhreacht / oidhreacht / gadhar / aidhm uaidh
14	ua		bua ruaig		luath chuaigh
15	ia		iasc / bliain síol		liath
16	Gutaí balbha	arán			

2. Mar a Déarfá! mar scéim tosaigh litearthachta: An Cód Soiléir

Ainneoin nach mar chúrsa tosaigh fónaice a leagadh amach *Mar a Déarfá!*, is féidir é a úsáid le glantosaítheoirí – naíonáin scoile san áireamh. Tá ord faoi leith molta le príomhghnéithe na léitheoireachta agus scríbhneoireachta a mhúineadh ó bhonn. Tugann muid **An Córán** air seo, mar go dtosaíonn sé leis na 6 chód ‘fuaim-litriú’: c / ó / r / l / á / n.

Sa gcur chuige seo, múintear grúpaí beaga fuaimeanna don fhoghlaim go dtí go mbíonn 41-43 phríomhfhuaim na Gaeilge múinte. Cuirtear an bhéim ar an bhfuaim ghlan a aithneachtáil agus a rá go cruinn agus ansin múintear an litriú is simplí nó is coitianta den fhuaim sin (**An Cód Soiléir**).

Tá na fuaimeanna glana le cloisteáil ar Fhíseán 1, ar www.maradearfa.ie. Ba cheart do mhúinteoirí na fuaimeanna a chleachtadh go maith sula dtosaíonn siad ag plé le cúrsaí fónaice sa rang. I gcás scéim tosaigh litearthachta, ba cheart fuaim nua a mhúineadh chuile lá nó dara lá ar na gnáthbhealaí, ag ceangal na fuaime go láidir lena litriú ‘soiléir’. Chomh luath agus a bhíonn dóthain fuaimeanna nua múinte – ag chuile chéim den ‘Córán’ – tosaítear ag plé le focla ar féidir a dhéanamh leis na fuaimeanna nua.

Cleachtann an foghlaim **Cur le Chéile na bhFuaimeanna** le focla a dhéanamh, agus **Baint ó Chéile na bhFuaimeanna** le focla a litriú. Is dhá scil iad sin a oibríonn as lámh a chéile. Ansin, cleachtann an foghlaim Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla.

b-án → l-án → lá-b srl.

Is scileanna fíorthábhachtacha iad seo don léamh agus don scríobh agus litriú. Chomh maith leis an obair seo ar na príomhfhuaimeanna, bíonn forbairt á déanamh ar scileanna riachtanacha eile éisteachta agus idirdhealaithe, mar shampla; Gutaí Leathana V Gutaí Caola (**bá V ba**) agus Consain Leathana V Consain Chaola (**sá V sí**). Chomh maith le póstaer na gCód Soiléir (7 san iomlán), tá sraith pictiúr ar fáil do bhunscoileanna inar féidir scileanna riachtanacha fónaice, léitheoireachta agus litrithe a chleachtadh ar bhealach spráil, aois-oiriúnach, le daltaí óga bunscoile (lth. 165).

San am céanna, bíonn **Na Focla Místuama (nó na hAmharcfhocla / focla ardmhínicíochta)** á múineadh. Focla an-choitianta iad sin NACH leanann an Cód Soiléir. Bíonn siad le cur de ghlanmheabhair mar gheall ar chomh riachtanach is atá siad don léamh agus don scríobh (lth. 138).

De réir a chéile, léann an foghlaim focla, píosaí d’abairtí agus abairtí simplí. Agus príomhfhuaimeanna na Gaeilge á múineadh (An Cód Soiléir), beidh an t-ábhar léitheoireachta sin, chomh maith le deachtú rialta, bunaithe den chuid is mó ar an gCórán agus ar na Focla Místuama atá múinte don fhoghlaim. Ar an mbealach sin beidh an méid atá foghlamtha á chleachtadh agus á láidriú. Gheobhaidh an foghlaim misneach i gCur le Chéile Fuaimeanna ina bhfocla don léamh, agus i mBaint ó Chéile Fuaimeanna don litriú. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear **focla gan chiall** chomh maith sa gCórán, áit a mbíonn focla samplacha gann, nó le heolas daltaí ar na cóid litrithe a chleachtadh agus a thástáil. Cleachtaítear neart saorscríbhneoireachta freisin.

Déantar cur síos sa gcaibidil seo agus i gcaibidil 3 ar mhodhanna teagaisc bhunscoileanna an chláir agus tá áiseanna tacaíochta ar fáil a láidreos an fhoghlaim – cuid acu saor in aisce ar www.maradearfa.ie agus cuid acu ar féidir a cheannacht (spléach-chártaí, póstaer, an cluiche déanta focal: *Sciob Sceab!* agus *M’fhoclóir Fuaimeanna*, ina gcoinneoidh foghlaimoirí cuntas ar a gcuid foghlama).

*Cló Sassoon a úsáidtear in áiseanna an fhoghlaim. Cló é seo ina bhfuil cruth na litreacha cosúil leis an bpeannaireacht a mhúintear don fhoghlaim.

CÓRLÁN: ORD MÚINTE DON GCÓD SOILÉIR

Na Fuaimeanna		Gníomhaíochtaí Feasachta Fónaice / Litrithe
1 - 6	c / ó / r / l / á / n	Póstaer 2. Siollaí
7 - 9	m / ú / s	
10 - 13	t / a / d / f	Fada v Gearr: á v a
14 - 17	g / o / h / é	Fada v Gearr: ó v o
18 - 21	b / u / í / j	Fada v Gearr: ú v u
22 - 23	p / i	Fada v Gearr: í v i Póstaer 3. Gutaí & Consain Póstaer 4. Gutaí Leathana v Gutaí Caola
24 - 26	d' / e / s'	Fada v Gearr: é v e Póstaer 5: Consain Leathana v Consain Chaola d v d' / s v s'
27 - 28	t' / ei / -r'	t v t' / r v -r' Póstaer 6: 'ei' Aibítir na Gaeilge
29	ua	
30	ia	
31	bh	
32	ch	
33	dh	
34	fh	
35	ng	
36	ai	
37	agh	
38	abh	
39	dh'	dh v dh' Póstaer 7: Leathan le Leathan is Caol le Caol
40	bh'	
41	ch'	ch v ch'
42	t'2	



Ord an Chórláin

1. Múintear grúpaí beaga d'fhuaimneanna i dtosach báire, fuaimeanna ar féidir riar maith focla simplí, soiléire a dhéanamh astu. Ar an mbealach sin leagtar béim ar chur le chéile fuaimeanna ina bhfocla ó thús, rud a thugann sásamh agus misneach d'fhoghlaimoírí.
2. Múintear na consain leanúnacha, seachas pléascacha ar dtús, chomh fada agus is féidir mar gur fusa iad a chur le chéile ó bhéal le focla a dhéanamh leo.
3. Múintear na fuaimeanna, chomh fada agus is féidir, in ord a dhéanfas múineadh scríobh na litreacha níos éasca amach anseo (breathnaigh thíos).
4. Ní mhúintear in aon ghrúpa amháin fuaimeanna a bhfuil a litriú róchosúil lena chéile.
m.sh. b, d & p **NÓ** s & z
5. Múintear na gutaí fada roimh na gutaí gearra, déantar comparáid eatarthu ansin.
6. Múintear na gutaí leathana roimh na gutaí caola, déantar comparáid eatarthu ansin.
7. Múintear na consain leathana roimh na consain chaola, déantar comparáid eatarthu ansin.
8. Múintear na fuaimeanna a léirítear le litir amháin roimh na fuaimeanna a léirítear le péire nó trí cinn. **m.sh.** 1. fan 2. a **Phádraig**

Múineadh Scríobh na Litreacha

Tosaíonn scríobh na litreacha ón tús beagnach. Moltar cur chuige idirghníomhach, ilchéadfach ar feadh an ama ina mbeidh fuaimeanna á léamh, á scríobh agus á rá ag an am céanna.

Tugtar **an fhónaic ionduchtach** air seo.

Tá litreacha áirithe bunaithe ar a chéile ó thaobh crutha de; breathnaigh thíos. Ar an gcéad leath-anach eile, tá ord molta do mhúineadh na litreacha, bunaithe a bheag nó a mhór ar ord an Chórláin.

1	c a d g o	Tosaíonn le leathchiorcal tuathalach
2	r n m h b p	Síos suas agus casadh...
3	l t i f j	Línte ingearacha
4	u	Síos, casadh agus suas ...
5	e s	Eile!




Cruth na Litreacha – Treoracha

c	Timpeall i leathchiorcal
o	Timpeall agus timpeall i gchiorcal
a	Timpeall ar nós c , suas, síos & drioball beag
r	Síos suas & drioball beag
l	Síos síos & drioball beag
n	Síos, suas, drioball, síos & drioball beag
m	Síos, suas, drioball, síos, suas, drioball, síos & drioball beag
u	Síos, drioball, suas, síos & drioball beag
s	Drioball, fiarsceabhach síos agus drioball
d	Timpeall ar nós c , suas, suas, síos & drioball beag
t	Síos, drioball, ardaigh, líne trasna
f	Drioball (thuas ard) síos, síos, ardaigh, líne trasna
g	Timpeall ar nós c , suas, síos agus drioball
h	Síos, síos, suas, crúca, síos & drioball beag
e	Líne amach, agus timpeall i leathchiorcal ar nós c
b	Síos, síos, suas agus bolg
i	Síos, drioball, ardaigh, spota
j	Síos, síos, drioball, ardaigh, spota
p	Síos, síos, suas, suas, agus bolg





Scileanna 1 & 2

Cur le Chéile & Baint ó Chéile Focla, 'Scríobh agus Abair'

<p>1</p>	<p>Scríobhann an teagascóir fuaimeanna (ní litreacha) an fhocail in ord measctha.</p> <p>Teagascóir:</p> <p>'Seo fuaimeanna an fhocail'. (Is féidir é seo a dhéanamh ar chlár beag bán, ar 'ghreamáin bhuí' nó díreach isteach i gcóipleabhar).</p>	
<p>2</p>	<p>Tarraingíonn an teagascóir líne do chuile fhuaim.</p>	
<p>3</p>	<p>Abraíonn an teagascóir fuaimeanna an fhocail go mall soiléir, ag díriú a méire ar an líne cheart do chuile fhuaim.</p>	
<p>4</p>	<p>Abraíonn an teagascóir fuaimeanna an fhocail arís, ag fiafraí tar éis chuile fhuaim:</p> <p>'Cén fhuaim a chloiseann tú – taispeáin dhom í!'</p>	
<p>5</p>	<p>Teagascóir:</p> <p>'Go maith. Sin 'f...!' Anois scríobh an fhuaim sin ar an líne.'</p>	

*Ba cheart an fhuaim a dhéanamh seachas ainm na litreach a rá.

** Ba cheart fhuaim chuile chonsain a rá go glan, gonta (gan fhuaim ghuta a bheith leis).

6	Nuair a bhíonn chuile fhuaim sa bhfocal scríofa, léann an teagascóir an focal go mall, ag díriú a méire ar chuile fhuaim agus í dhá rá.	
7	Léann an teagascóir an focal uilig ar bhealach nádúrtha agus a méar dhá thaispeáint.	
8	Teagascóir: 'Abair thú fhéin fuaimeanna an fhocail; cuir do mhéar ar chuile fhuaim agus tú dhá rá.'	
9	Teagascóir: 'Anois léigh an focal iomlán.'	
10	Glan an clár bán agus tarraing líne do chuile fhuaim sa bhfocal. Teagascóir: 'Éist leis an bhfocal anois agus scríobh síos é.' (Nóta don teagascóir: Abair an FOCAL IOMLÁN ar BHEALACH NÁDÚRTHA – is é an foghlaimoir a bhrisfeas síos é!).	
<p>Lean na treoracha thuas le 4-6 fhocal a bhfuil an fhuaim nua iontu. *Ba cheart fuaime seachas ainm na litreach a rá áit ar bith ar féidir. ** Ba cheart fuaime chuile chonsain a rá go glan, gonta (gan fuaime ghuta a bheith leis).</p>		

Scil 3		Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla	
1	<p>Scríobhann an teagascóir na fuaimeanna a bheas ag teastáil, in ord measctha.</p> <p>Teagascóir:</p> <p>'Tá muid a ghabháil ag déanamh focla nua.'</p>		
2	<p>Teagascóir:</p> <p>'Scríobh an focal 'las', ag piocadh na bhfuaimeanna cearta ón liosta. Éist go cúramach le chuile fhuaim!'</p> <p>(Abróidh an teagascóir chuile fhuaim go mall, soiléir).</p>		
3	<p>Teagascóir:</p> <p>'Abair chuile fhuaim agus cuir do mhéar ar chuile fhuaim agus tú dhá rá.'</p>		
4	<p>Anois tosaíonn an teagascóir ag tabhairt treoir don fhoghlaimoir fuaimeanna a athrú, a fhágáil amach srl. le haghaidh focla nua a dhéanamh:</p> <p>'Dhá mbeinn ag iarraidh 'las' a athrú go 'cas', cén fhuaim a bheadh le n-athrú?'</p>		
5	<p>Teagascóir:</p> <p>'Dhá mbeinn ag iarraidh 'las' a athrú go 'lab', cén fhuaim a bheadh le n-athrú? ... Cé acu fuaim ón liosta thuas a úsáidfeas muid le haghaidh é a scríobh?'</p>		
6	<p>Teagascóir:</p> <p>'Dhá mbeinn ag iarraidh 'lab' a athrú go 'clab', céard a dhéanfainn ... ?'</p>		

*** Ba cheart 'Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla' a chur ar bun go minic.


An tSaorscríbhneoireacht & Litríú á Chumadh

Sa gCód Soiléir (Céim 1 de *Mar a Déarfá!*), múintear litriú amháin do chuile phríomhfhuaim sa nGaeilge. Nuair a bhíonn an méid sin múinte, ba cheart an foghlaimeoir a spreagadh le tabhairt faoin tsaorscríbhneoireacht i.e. scríbhneoireacht ar a rogha ábhair, ina n-úsáidfidh sé na cóid litrithe atá múinte.

Tabharfaidh sé sásamh don fhoghlaimeoir bheith in ann píosaí scríbhneoireachta a chur ar fáil ar ábhair a bhfuil spéis aige fhéin iontu, agus déanfar cleachtadh agus daingniú ar an gCód Soiléir tríd an obair seo.

Chomh maith leis sin, is féidir measúnú a dhéanamh ar an bhfoglaim go dáta, trí anailís a dhéanamh ar scríbhneoireacht an fhoghlaimeora (lgh. 31-34).

Múinfeadh Cóid Doiléire litrithe na Gaeilge de réir a chéile, ach seo Céim 1 den phróiseas. Ní miste go mbíonn go leor den litriú sa gCód Soiléir seachas sa gCód Doiléir ag an staid seo, mar shampla:



Cé go mbíonn go leor den litriú 'á chumadh' ag an tús, bíonn an foghlaimeoir ag úsáid a chuid eolais fhóinéimeach leis na focla a fhuaimniú, agus a chuid eolais ar chúrsaí fónaice lena litriú;

This exploration of letter-sound associations through invented spelling facilitates reading acquisition and the development of orthographic skills (the ability to recognise symbols and patterns within words).

– Oueletter and Sénéchal, 2008

Tiocfaidh go leor focla ardmhínicíochta aníos sa tsaorscríbhneoireacht chomh maith NACH leanann patrún, nó atá místuama. Mar gheall ar a mhínicíocht agus a castacht, múintear na focla seo mar 'amharcfhocla' i.e. gan iad a bhriseadh síos ach iad a mhúineadh mar fhocla iomlána (féach lth. 138: Na Focla Místuama).

3. *Mar a Déarfá!* mar scéim idirghabhálach litearthachta: Anailís & Pleanáil dá Réir

Mar a luadh cheana, ní mar chúrsa céimnithe fónaice a cuireadh *Mar a Déarfá!* le chéile i dtús aimsire. Is cur chuige idirghabhálach a leagadh amach ar dtús ina ndéantar anailís ar leibhéal agus ar dhúshláin an fhoghlaim; ansin díreann ar phlean teagasc a chur in oiriúint do riachtanaisí an fhoghlaim.

Is féidir *Mar a Déarfá!* a úsáid le foghlaim aonair nó le grúpa foghlaimoirí fásta, le rang meánscoile nó ardrang bunscoile mar atá sé.

Creideann muid go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis na nithe seo a leanas don phleanáil agus don mhúineadh:

Déantar Measúnú Leanúnach ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora le feiceáil cé na cóid fuaime/litrithe atá tugtha leis aige, agus cé na cinn ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh orthu. Ní leor go mbeadh na fuaimeanna agus a litriú ar eolas, áfach – caithfidh an foghlaimeoir a bheith ina ann iad a chur le chéile le focla a léamh, agus iad a bhaint ó chéile agus a bhabhtáil le focla a litriú.

Ba cheart measúnú rialta a dhéanamh ar réimse leathan scileanna litearthachta / fónaice mar sin. Cuirfidh measúnú rialta ar chumas an teagascóra plean teagaisc a leagan amach atá in oiriúint do leibhéal agus cumas an fhoghlaimeora aonair. Beidh an teagascóir in ann Idirghábháil Luath a chur ar fáil má aithnítear laigí faoi leith ag an bhfoghlaimeoir, i gcás scileanna faoi leith. I suíomh ranga, cuirfidh an measúnú ar chumas an teagascóra foghlaimeoirí a ghrúpáil de réir a gcumais, don teagasc éifeachtach, idirdhealaithe.

Bíonn cuid mhór díospóireachta ann faoi uirlisí measúnaithe don Ghaeilge, ag chuile leibhéal oideachais, ó bhunscoileanna go seirbhísí aosoideachais agus i ngnáthscoileanna, i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Ní gá gur uirlis nó uirlisí measúnaithe casta a bheadh i gceist don chuid is mó d'fhoghlaimeoirí. Ag deireadh an lae, tá chuile pháiste áit éicint ar an gcontanam foghlama, agus na príomhaidhmeanna atá le Measúnú ná feiceáil:

1. Cén leibhéal a bhfuil an foghlaimeoir aige?
2. Cé na dúshlán is mó atá aige sa bhfoghlaim?
3. Cén plean teagaisc is fearr a thabharfadh go dtí an chéad leibhéal eile?

Amannta feileann sé seicliosta simplí de **na cóid fuaime/litrithe** a chur faoi bhráid an fhoghlaimeora le léamh (sampla ar lth. 146). Is féidir measúnú neamhfhoirmeálta a dhéanamh ar na cóid fuaime/litrithe ón léamh agus scríobh chomh maith.

Mar a chéile, is féidir seicliosta de **na focla ardmhnicíochta / místuama** a chur faoi bhráid an fhoghlaimeora le léamh (lth. 144), agus arís, is féidir measúnú neamhfhoirmeálta a dhéanamh ar na focla místuama ó léitheoireacht agus scríbhneoireacht an fhoghlaimeora.

Amannta bíonn na cóid fuaime/litrithe ar eolas go maith ag foghlaimeoir ach go mbíonn deacracht aige le cur le chéile nó baint ó chéile fuaimeanna i bhfocla. Is fiú go mór dul chun cinn an fhoghlaimeora sa bh**feasacht fhóineolaíoch** a mheas leis an gcur chuige coitianta, simplí a leanas (lgh. 147-149).

Ceann de na bealaí is fearr leis an bhfoghlaim a chleachtadh agus a dhaingniú ná tríd **an tsaorscríbhneoireacht**. Buntáiste mór breise a bhaineann leis an tsaorscríbhneoireacht ná gur féidir anailís a dhéanamh ar dhearmaid sa litriú i saothair an fhoghlaimeora (lth. 31-34).

Analysis of spelling behaviours gives valuable insights into student needs.
(Ceardlann 'Word Study', PDST, 2015)

Molann muid freisin go n-úsáidfeadh teagascóirí **Taifead Reatha Léitheoireachta** agus iad ag éisteacht le léitheoireacht an fhoghlaimeora (eolas agus teimpléad le fáil ar shuíomh an PDST).

Eolas ar Chód Soiléir na Gaeilge (Measúnú i gComhthéacs Focla)

Ba cheart measúnú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí sa ngaol atá idir fuaimeanna agus a litriú a aithneachtáil.

Rang: _____ Ainm an Fhoghlaimeora: _____ Dáta: _____

	Focal	Fuaim i gceist	Tic nó X		Focal	Fuaim i gCeist	Tic nó X
1	ól	ó		22	póg	p	
2	ál	á		23	Micil	i	
3	lón	l		24	dílis	d'	
4	cón	c		25	lena	e	
5	lán	n		26	síbín	s'	
6	lár	r		27	tír	t'	
7	mám	m		28	peil	ei	
8	(is) lú	ú		29	tírín	r'	
9	más	s		30	luas	ua	
10	fás	a		31	Brian	ia	
11	fós	f		32	racht	ch	
12	fód	d		33	ón ngasúr	ng	
13	túr	t		34	faoi dhó	dh	
14	gar	g		35	ar fhan?	fh	
15	ort	o		36	dhá bhád	bh	
16	hap	h		37	aicíd	ai	
17	mé	é		38	clabhta	abh	
18	bás	b		39	laghdú	agh	
19	rud	u		40	a Chití	ch'	
20	fíbín	í		41	ar dheis	dh'	
21	jab	j		42	bheir	bh'	

- Teimpléad é seo – ba cheart na focla samplacha a athrú ó am go ham le nach bhfaighidh foghlaimeoirí cleachtadh ar na focla tástála. Is féidir focla ón gCórlán (Céim 1) a úsáid, focla gan chiall san áireamh.
- Ba cheart eolas na bhfoghlaimeoirí ar an gCód Doiléir a thástáil ar an mbealach céanna, ag úsáid focla samplacha ón leibhéal tráthúil den Chórlán.
- Is féidir na fuaimeanna a thástáil leo fhéin freisin (sa gCód Soiléir amháin). Sa chás sin, léifidh an dalta an colún ‘Fuaim i gCeist’ (i.e. in ionad cholún na bhfocla).



Na Fuaimeanna a Chur le Chéile i bhFocla

Is **ó bhéal** a dhéantar an tasc seo – ní fheicfidh an foghlaimeoir na focla.

Abair:

“Tá mé ag gabháil roinnt fuaimeanna a rá go mall. Ba mhaith liom go gcuirfeá le chéile mar fhocla iad agus an focal sin a rá.”

Abair m.sh. an focal [m – á – s] an-mhall, ag cur béime ar chuile fhuaim.

“Cén focal a chloiseann tú?”

Coinnigh ort ansin leis na focla thíos:

- abair chuile fhocal
- scríobh síos go cruinn an chéad rud a deir an foghlaimeoir (bíodh sé ceart nó mícheart)
- tabhair marc amháin do chuile fhocal ceart

l – á – n		m – ú – r	
r – ó – l		c – ó – n	
c – á – s		s – ú – m	
Scór: <input type="text"/> 6	Nótaí:		
> 5 go maith	= 4 maith go leor	< 4 leibhéal bunúsach	

Na Fuaimeanna a Bhaint ó Chéile i bhFocla

Is **ó bhéal** a dhéantar an tasc seo – ní fheicfidh an foghlaimeoir na focla.

Abair:

“Tá mé ag gabháil roinnt focla a rá ar luas nádúrtha. Inis dom chuile fhuaim atá sa bhfocal, m.sh. má abraímse **cón**, abróidh tusa **c – ó – n.**”

Coinnigh ort ansin leis na focla thíos:

- abair chuile fhocal
- scríobh síos go cruinn an chéad rud a deir an foghlaimeoir agus an rud a fhágann sé / sí amach m.sh. (__ó - n) agus an fhuaim bhreise a chuireann sé / sí isteach m.sh. (c - ó - í - n)
- tabhair marc amháin **do chuile fhuaim** a deir an foghlaimeoir san ord ceart

sál		cúm	
rás		róc	
lón		núm	
Scór do chuile fhuaim cheart/colún:	<input type="text"/> as 18		
>16 go maith	14-15 maith go leor	< 13 leibhéal bunúsach	

Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla

Is **ó bhéal** a dhéantar an tasc seo – ní fheicfidh an foghlaimeoir na focla.

Abair:

“Tá mé ag gabháil a rá focail. Abair thusa an focal i mo dhiaidh: ‘clós’.

Abair ‘clós’.

Anois abair ‘clós’ gan an ‘s’.”

Ba cheart don fhoghlaimeoir ‘cló’ a rá.

Coinnigh ort ansin leis na focla thíos:

- scríobh síos go cruinn an chéad rud a deir an foghlaimeoir (bíodh sé ceart nó mícheart)
- tabhair marc amháin ar chuile ‘fhocal’ a deirtear i gceart

cás gan an ‘c’		nás gan an ‘n’	
lús gan an ‘s’		lán gan an ‘n’	
ólá gan an ‘ó’		únó gan an ‘ó’	
Scór:		Nótaí:	
> 5 - 6 go maith		3 - 4 maith go leor	

7. Aguisíní

Aguisín 1: 7 bPóstaer don Chód Soiléir

Aguisín 2: 7 bPóstaer don Chód Doiléir

Aguisín 3: Spraoi le Scileanna! (sraith shóisearach bunscoile)

Aguisín 4: Aibítir na Gaeilge

Aguisín 5: Na Focla Místuama (Leagan an Chaighdeáin)

Aguisín 6: Líonta an Damháin Alla






Aguisín 7: Scéim Mháire Ní Chéilleachair

Aguisín 8: Foclóirín Téarmaíochta








Príomhfhuaimeanna na Gaeilge: An Cód Soiléir





Gutaí



Consain



Eile




¹ Ní mhúinear 'j' ar chor ar bith anseo, mar chuid den Chód Soiléir, más ionann an fhuaim atá leis agus le 't caol' (titim).

² Fuaim bheirse 't caol' sa gcanúint. Moltar gan í a mhúineadh go mbeidh an 't caol' is coitianta (titim) ar eolas go maith.

SIOLLAÍ

Bíonn guta le cloisteáil i ngach siolla.
Fainic – scaití ní bhíonn sé le scríobh!




1. **bád**



2. **bád/óir**




3. **bád/óir/eacht**



4. **(féile) bád/óir/eacht/a**

NA GUTAÍ & NA CONSAIN

Tá 5 ghuta sa nGaeilge.
Is féidir leo a bheith fada nó gearr.



NA CONSAIN (14)

b c d f g h j l m n p r s t


NA GUTAÍ

Bíonn guta amháin, ar a laghad, i ngach focal.
Go hiondúil, bíonn guta i ngach siolla!

NA GUTAÍ LEATHANA



NA GUTAÍ CAOLA



Consain Leathana V Consain Chaola

Cén fhuaim atá i gceist le **d, t, r** agus **s**?

Breathnaigh ar an nguta lena thaobh – freagróidh sin do cheist!

s	<p>s</p>  <p>sop</p>	s'	<p>s'</p>  <p>sicín</p>
d	<p>d</p>  <p>dó</p>	d'	<p>d'</p>  <p>deifir</p>
t	<p>t</p>  <p>túr</p>	t'	<p>t'</p>  <p>ag titim</p>
r	<p>r</p>  <p>rós</p>	-r'	<p>-r'</p>  <p>fir</p>

LEATHAN: a o u á ó ú

CAOL: e i é í



e/ei



bleib



peil



ceilp

Má chloiseann tú **e** idir
dhá chonsan,
Go hiondúil **ei**
an litriú a bheas ann.

e

le**n**

le**n**a

le**n**ár

de**n**

le**d**

Leathan le Leathan is Caol le Caol

Leathan le leathan a théann le chéile
Níl aon mhaith i gceann gan an péire,
a, o agus **u** – bíodh siad fada nó gearr –
Chaon taobh den chonsan, 'siad is fearr.



abair



Le caol le caol tá an scéal mar a chéile,
Níl aon mhaith i gceann gan an péire,
i agus **e** – bíodh siad fada nó gearr –
Chaon taobh den chonsan, 'siad is fearr!

cailín

Fuaim 'u' i ndeireadh focla ilsíollacha

Má tá an focal ilsíollach
'gus fuaim 'u' ina dheireadh
Ná scríobh **u** ná **o**
ach **a**, céard eile!

Samplaí

mál**a**

fad**a**

tus**a**

car**a**

fást**a**

cast**a**

fat**a**



Fuaim ‘i’ i ndeireadh focla ilsíollacha

Má tá an focal ilsíollach
'gus fuaim ‘i’ ina dheireadh –
Scríobh an litir **e**, sin eile!

Eisceachtaí	
roimp i	int i
tríth i	uirth i
chuic i	fúith i
thairst i	

Síle

mise**e** ite**e**
 fich**e** tine**e**



LEIDE DON LÉAMH

Nuair a bhíonn dhá ghuta ag teacht i ndiaidh a chéile
Is iondúil go mbíonn an ceann fada níos tréine.
Bíonn an guta atá gearr i bhfad níos ciúine
Ach tá sé ann, coinnigh súil air!

éi	léim	aí	gadaí
éa	gear	iú	siúl
eó	seó	úi	cúis
eá	meán	uí	buí
óí	tóir	eái	leáite
oí	croí	aío	naíonán
íó	díon	iái	fiáin
ái	áit	iúi	ciúin

é/éi/éa

‘É’ idir dhá chonsan
Ní bhíonn leis fhéin;
Bíonn ‘a’ nó ‘i’ leis
Ach le **cér**, **cés** agus **cén**.

Éist go cúramach
Leis an gconsan théis ‘é’
Bhfuil sé leathan nó caol?
Cé acu scéal é?

Eisceachtaí

cén

cér

cérbh

cés

léim



éi / éa

spéir


céad

méid

réasún

Na Gutaí Cúnta

An gcloiseann tú an guta breise i measc na gcnuaschonsan thíos?



Bíonn guta breise le cloisteáil scaití i lár cnuaschonsain, nuair a bhíonn an cnuaschonsan i lár nó i ndeireadh focail. Guta cúnta a thugtar air seo. Bíonn sé le cloisteáil ach ní scríobhtar é!

Consain Leathana V Consain Chaola

Bíonn difríocht mhór le cloisteáil idir na consain leathana agus chaola i gcás **d, t, s** agus **r**:

dó **d**í

sú **s**í

túr **t**ír

fíor **f**ír

Bíonn difríocht le cloisteáil idir na consain leathana agus chaola **eile** freisin. Is trí chomparáid a dhéanamh idir leathan agus caol i gcomhthéacs focla is fearr a chloiseann muid na difríochtaí sin:

b ó	→	b eo
b arr	→	b earr
c arr	→	c earr
f an	→	f eann
g ar	→	g earr
m all	→	m eall
s úil	→	s iúl
t arbh	→	t earra

Éist go cúramach i gcónaí leis na fuaimeanna i bhfocla. An bhfuil na consain caol nó leathan agus an bhféadfadh sé go bhfuil gutaí beaga breise le cloisteáil agus le scríobh?

Briathra na Gaeilge: Na Príomh-Aimsirí

An Aimsir	1ú Réimniú (siolla amháin sa Modh Ordaitheach)		2ú Réimniú (dhá shiolla sa Modh Ordaitheach)	
An Modh Ordaitheach (Ordú!)	Glan!	Fill!	Ordaigh!	Ceistigh!
An Aimsir Chaite (inné, anuraidh, Dé Luain seo caite)	Ghlan	D'fhill	D'ordaigh	Cheistigh
An Aimsir Láithreach (chuile lá, i gcónaí, chuile sheachtain)	Glanann	Filleann	Ordaíonn	Ceistíonn
An Aimsir Fháistineach (amárach, an mhí seo chugainn, san am atá le theacht)	Glanfaidh	Fillfidh	Ordóidh	Ceisteoidh
An Modh Coinníollach (3ú pearsa) (Dhéanfaí rud ... ar choinníoll)	Ghlanfadh	D'fhillfeadh	D'ordódh	Cheisteodh
An Aimsir Ghnáthchaite (3ú pearsa) (fadó / lá den saol)	Ghlanadh	D'fhilleadh	D'ordaíodh	Cheistíodh

Briathra Neamhrialta na Gaeilge

Tá os cionn **300** briathar neamhrialta sa bhFraincis.

Tá os cionn **200** briathar neamhrialta sa mBéarla.

Níl ach **11** bhriathar neamhrialta sa nGaeilge!

Foghlaim de ghlanmheabhair iad agus beidh agat!



Spraoi le Scileanna!

Bain úsáid as na carachtair sna pictiúir ceangailte le scileanna fónaice, léitheoireachta agus litrithe a mhúineadh agus a chleachtadh. Thíos tá roinnt abairtí samplacha a d'fhéadfá a úsáid leis na pictiúir (le dalta aonair nó le rang iomlán).

Tá lánchead na póstaer seo a chóipeáil agus a scaipeadh, nó leagan digiteach dóibh a úsáid ar an gclár bán (le fáil ar www.maradearfa.ie).

1. Cluas an Cholúir

Cuir 'Cluas an Cholúir' ort fhéin!

Éist go cúramach leis an bhfocal ...

'Bhfuil fuaim bheag le cloisteáil nár scríobh tú fós?

Céard a chloiseann tú?

2. Súil an tSeabhaic

Breathnaigh ar an bhfocal le 'Súil an tSeabhaic'!

Bhfuil litir eile ann ...?

Breathnaigh go cúramach air!

Mar shampla: An 'b' é nó 'buí'?

3. Díograis an Tíogair

Bain triail as an bhfocal!

Bain triail as arís!

Bí ar nós an tíogair ...

Coinnigh leis!

4. Rún an Changarú

Céard é Rún an Changarú?

... **Léim ar aghaidh!**

... b'fhéidir go dtiocfaidh an focal (deacair) leat nuair a léifeas tú an chuid eile den abairt.

5. Cas an Consairtín!

Tarraing amach an focal go mall go gcloisfidh tú chuile fhuaim.

Úsáid do lámha freisin!

Cuir le chéile iad agus tarraing amach iad leis an bhfocal.

6. Garda na nGutaí

Cá bhfuil Garda na nGutaí?! **NÓ** Is tú Garda na nGutaí!

An bhfuil na gutaí uilig sna háiteanna ar cheart dhóibh a bheith?

“Leathan le leathan a théann le chéile ... “ (**Póstaeir 7, Cód Soiléir**)

7. Péacóg na bPatrún

Cuimhnigh ar an bPéacóg ... is maith léi patrúin!

‘Bhfuil patrún ar bith le feiceáil anseo?

8. An Fiosraitheoir Focal

Céard a thugann tú faoi deara anseo?

Mar shampla:

Céard atá scríofa – ‘**ar an balla**’ nó ‘**ar an mballa?**’


Céard a thugann muid ar an ‘**m**’ sin
atá curtha ar an ‘**b**’?



Cluais an Chóluir



S'uil ar tSeabhaic



Tarraing amach an Focal!

Garda na nGutáí




e é i í ú
a á o ó u ú

An Tíogair Díograiseach



Coinnigh leis!



Rún an Changarú

Péacóg na bPatrún





An Fiosraitheoir Focal

An Aibítir

Tá fuaimeanna dhifriúil le hainmneacha na litreacha agus lena gcuid fuaimeanna i nGaeilge (agus i mBéarla). Mar sin, moltar príomh**fuaime** chuile litreach a cheangal go dlúth lena cruth fisiciúil sula múinteair ainmneacha na litreacha. Nuair a bhíonn an Córán á úsáid, moltar gan an Aibítir a mhúineadh go mbíonn na cóid 'fuaime-litriú' 1-24 ar eolas go maith ag an bhfoghlaiméir nó ag an rang, le meascán mearaí a sheachaint! Tá an t-amhrán **Aibítir na Gaeilge**, á chasadh ag Róisín Elsafty ar fáil, saor in aisce, do scoileanna ar www.maradearfa.ie.

Aibítir na Gaeilge

(Ainmneacha i mBéarla)

a, b, c, d

e, f, g, h

i, j, l, m, n, o

p, r, s, t,

agus u -

Cas an Aibítir liom! (x 2)

a, b, c, d, e, f,

g, h, i, j, l,

m, n, o, p, r, s,

t, agus u (x 2).

**Ar ndóigh, is féidir an damhsa tíre seo a mhúineadh chomh maith, agus neart spraoi a bhaint as cleachtadh an damhsa agus na hAibítire in éindí (comhtháthú an churaclaim!)*

Tá leagan malartach den amhrán **Aibítir na Gaeilge** ar fáil ar www.maradearfa.ie chomh maith (thíos), ina n-úsáidtear ainmneacha Gaeilge na litreacha.

Ós rud é nach bhfuil mórán úsáide leis an Aibítir ó thaobh na fónaice / litearthachta de, agus go dteastaíonn go mbeadh ainmneacha Béarla na hAibítire ar eolas ag daoine do ghnóthaí an tsaoil, molann muid an leagan Béarla den Aibítir (lth. 175) a mhúineadh – ach rogha an mhúinteora nó na scoile é!

Aibítir na Gaeilge

á, bé,cé,dé,
 é, eif, gé, héis,
 í, jé, eil, eim, ein, ó,
 pé, ear, eas, té
 agus u -

Cas an Aibítir liom! (x 2)

á, bé,cé,dé,é, eif,
 gé, héis, í, jé, eil,
 eim, ein, ó, pé, ear, eas,
 té, agus u! (x 2)

(ó *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*)



Na Focla Místuama

sa gCaighdeán Oifigiúil

Focla an-choitianta iad seo nach leanann an Cód Soiléir –
caithfear iad a chur de ghlanmheabhair!

An chéad 39 focal + an 30 focal ardmhnicíochta a leanann An Cód Soiléir
= 57.5% de na focla a úsáideann cainteoirí dúchais i ngnáthchomhrá

An chéad 60 focal + an 30 focal ardmhnicíochta a leanann An Cód Soiléir
= 64.1% de na focla a úsáideann cainteoirí dúchais i ngnáthchomhrá

An chéad 123 focal + an 30 focal ardmhnicíochta a leanann An Cód Soiléir
= 74.2% de na focla a úsáideann cainteoirí dúchais i ngnáthchomhrá

(180 focal ardmhnicíochta thíos)

Céim 1

a	an	san
mo	céard	bhí
sea	agus	ar
go	na	ag
don	is	eile
atá	ann	seo
bíonn	agatsa	raibh
aon	ansin	den
lena	féin	ina
maith	nó	ag gabháil
anois	muide	an bhfuil
chuile	agamsa	ach
teach	isteach	teacht

Céim 2

uilig	ag déanamh	chuaigh
bheadh	ag cur	ba
liomsa	acusan	féidir
áit	nuair	b'fhéidir
nach	chaith	dá mbeadh
duine	faoin	éicint
am	amach	bith

Céim 3

ceann	is dóigh	an chaoi
anseo	bhíodh	an chéad
tar éis	daoine	beidh
a fhios	ag fáil	bheith
níos	scoil	tháinig
cuid	chomh	le haghaidh
air	uair	caint



Céim 4

a cheapadh	cheapfainn	chonaic
chuir	dúirt	amháin
mise	againne	ab ea?
arís	tada	ag iarraidh
leor	beag	bhuel
síos	ortsa	duitse
thug	leo	feiceáil

Céim 5

Deaide	thóg	Mama
cineál	amuigh	le chéile
leatsa	cúpla	a thabhairt
thart	go dtí	ní fhaca
aige	fada	fuair
thiar	tharla	sa mbaile
ormsa	domsa	céanna


Tuilleadh Focla Ardmhnicíochta

sna	oíche	istigh
cinn	méid	féadfaidh
uirthi	linne	d'fhéadfadh
taobh	téann	orthu
píosa	roimhe	ag breathnú
súil	orainne	rudaí
fear	dúinne	deas
bean	ard	riamh
gasúr	cinnte	oraibhse
inniu	gan	ar ais
rinne	dona	is fearr
aici	cheana	thiocfadh
breá	imithe	dáiríre
thall	saol	iontach
d'ith	ag siúl	ag tógáil
oiread	agaibh	breathnaigh
ag ithe	i gcónaí	i mo chónaí
léi	siúd	ar feadh


LÍONTA NA nDAMHÁN ALLA



An Guta: **á**




An Guta: ó






An Guta: ú




An Guta: é







An Guta: í



An Guta: a




An Guta: ai







An Guta: o



An Guta: e




An Guta: u






An Guta: i




An Fhuaim: **abh** babhla







An Fhuaim: **agh** slaghdán



An Fhuaim: **ia**



An Fhuaim: **ua**









Consain Shéimhithe Bhalbha





Na Consain



Na Consain

c	d caol	g
cúl	deifir i dtéach d'ith	gúna i gcúl
p	t leathan	t caol 1
poc	túr an tsrón	titim
t caol 2	bh leathan	j
tíl	an bhó a mhac i bhfad	jíp
f	l	m
fás (a) phost	lón mall	mór (i) mbád
r leathan	r caol	s leathan
rós barr cnoc	fír	sop zú
s caol	ch caol	dh leathan
sicín zú	an cheist sheol	dhá (ba) ghá
dh caol	ng	t caol 2
dhíorgh ghéill	i ngar rang	tae

Scéim Fónaice Mháire Ní Chéilleachair

Suggested phonic scheme:

1. Long vowels - á, ó, í, é, ú.

Wordlists:

a:	o:	i:	e:	u:
Cá	bó	bí	bé	bú
tá	cócó	dí	cé	cú
ná	dó	fí	dé	hú
má	fón	lí	gé	
lá	lón	mí	hé	mu'
bá	póg	ní	mé	sú
dá		pís	pé	tú
gá	rón	rí	ré	
há	só	sí	sé	
pá	tóg	tí	té	
rá				
sá				



2. Consain i dtosach na bhfocal.

- b - bád, barr, bórd, bábóg, bosca, bainne, buidéal
 b' - bean, beag, beirt.
 c - cat, carr, corda, caid, cóta, caipín, cailín.
 c' - ceart, cearc, cead, cipín.
 d - dún, dána, d'ól
 d' - d'imigh, dearg, d'éirigh
 f - fao, fág, faigh, fás, fáilte
 f' - fíor, fionn, féidir, fear, féach, feirm
 g - ga, gan, gol, gadaí, gáirdín, gúna
 g' - gé, geata, geal, geansaí
 h - hata, halla, hí-hó
 l - lá, lámh, láidir, lán, lampa, lár, lón, luí
 l' - leaba, leabh, leat, léim, léine, liathróid,
 liomanáid, litir
 m - madra, Máirt, mála, mamaí, mór, muc, moin, much
 m' - mé, méar, míle, milis, milseán, mise
 n - nead, Neans, Neil, ní, níl
 p - páirc, páipéar, páiste, póca, punt
 p' - peann, peil, péire, pian, píosa, píopa
 r - rás, ramhar, raibh, rothar, rud
 r' - ribín, rinne, rith, reoite
 s - salach, samhradh, sáspan, suas, subh, súgradh
 s' - sé, seacht, seachtain, sean, seo, siopa, siúcra,
 seif, séipéal
 t - tá, tabhair, tae, talamh, tar, tapa, tóg, turcaí
 t' - te, teas, teilifís, tine, ticéad
- such lists would enhance listening skills and draw attention to initial letter/sound correspondence.

- 30 -

3. Short vowels:

a	e	i	o	u
cat	Peig	milis	don	rug
mata	te	min	pota	muc
agus	deich	bib	corp	rud
agam	peil	ribe	col	pus
agat	ceist	ribín	cos	muga
anocht	teidí	sin		thug
asal				

4. Consonant blends:

br	-	bróg, broc, bradán, braon, brón, brú
br'	-	bríste, bréagan, breá, bréag, bricfeasta, breac
bl	-	bloc, blús, blas, bláth, blaosc
bl'	-	bligeárd, bliain, bleachtair, bléasar
cl	-	clann, claí, cloch, clog, cluiche, cluas
cl'	-	cliste, cléireach, cleite, cleas, cléir, clibirt
cr	-	crann, croch, croí, crónán, crua, cró, croiceann
cr'	-	créatúir, creideann, críoch, crith, cré, críonna, críos
cn	-	cnó, cnámh, cnoc, cnuasach, cnuimh
cn'	-	cníotáil, cneas, cneasta
dl	-	dlús, dlúbhaint, dlúite
dl'	-	dlí, dleacht, dlíodóir, dleathach, dlisteanach
dr	-	dráma, droichead, droch, dróim, draíocht
dr'	-	dreach, drisiúr, dréimire, dreas, dreoilín
fl	-	flúirse, flaigín, flaínín, flaitiúil, flosc
fl'	-	fliuch, fliú, fleá, fleasc, fleiscín



- 31 -

fr - francach, frog, fráma, fraoch, fraochán
 fr' - freisin, freagra, fréamh, freastal, frídín
 gl - glan, glaoch, glas, glasraí, glór, gloine
 gl' - glic, gléigeal, gliomach, gleann, gléas
 gr - grá, gruaim, gruaig, gráta, gránna, grósaear
 gr' - grian, greann, greim, gríscín
 gn - gnás, gnó, gnáth
 gn' - gníomh, gné
 pl - plúr, planda, pláta, plána, pluc
 pl' - plé, plean, pléasc, plimp, pleidhce
 pr - práinn, praiseach, pras, prás, práta
 pr' - preab, príosún, préachán, prionsa
 sc - scadan, scáfar, scaimh, scamall, scanradh, scuab
 sc' - scéal, scean, scian, scilling
 scl - sclábhaí
 scl' - scléip
 scr - scraithín, scrúdu, scrogall
 scr' - scríobh, scrios, scriú, scread
 sl - slabhra, slacht, slat, sláinte, slua, slaod, slán
 sl' - slí, sleá, slinneán, slios, sliabh
 sm - smacht, smál, smúit, smólach
 sm' - sméar, smig, smidirín, smeid
 sn - snas, snáithín, snámh, snaois
 sn' - sneachta, sníomh
 sp - spota, sparán, spól, sport, spúnóg
 sp' - speal, spideog, spéir, spiaire, speaclaí
 spl - splanc
 spl' - spleodar, spleách, splinc

- 32 -

spr	-	spraoi
spr'	-	sprid, spré, spreagadh, sprionlóir
sr	-	sráid, srann, sraoth, srór, sruth, sraith, sruthán
sr'	-	srian, sreang
st	-	stán, stampa, stumpa, staighre, stáisiún, stoca, stól
st'	-	stéig, stíl, stiúir, stiall
str	-	strapa, stráice, stró
str'	-	stríoc, streancán
tl	-	tlú, tláith
tn	-	tnúth, tnáite
tr	-	trá, trasna, traein, tráthmóna, trucail
tr'	-	treis, trí, tréad, treibh, treabhadh, trínse

These blends also can be eclipsed or aspirated e.g. bplúr, ghlan.

5 . Vowel Diphthongs:

ia	-	liath, Dia, pian, dian, rian, mian, siar, aniar Ciarraí, Liam, Brian, Cian, scian, iasc, miás, ciall
ua	-	suas, thuas, anuas, crua, dua, slua, gual, cuan, luath, tuath, cuairt, buairt, bua, cluas

6 . Vowel Digraphs:

íó	= [i:]	síos, thíos, cíor, léin, fíon, díon, fíor, síor, bíonn, draíocht, filíocht
uí	= [u:]	buí, guí, luí, cuí, tuí
aí	= [i:]	cartaí, mataí, geataí, claí, leanaí, drámaí
oí	= [i:]	croí, groí
aoi	= [i:]	aois, aoibhinn, caoirigh, caoineadh, caoin, gaois, spraoi, caoi



- 33 -

ui	= [i]	fuil, cuil, cuid, druid, druil, duine, cluiche, luibh
io	= [i]	lios, fios, ciotóg, fiolar, giodam
io	= [u]	siopa, liopa, liomanáid,
oi	= [i]	goid
oi	= [ɛ]	toil, scoil
ói	= [ɔ]	Póilín, cóipleabhar, moin, tóin, cóir, siopadóir
eo	= [ɔ:]	leon, seoda, ceol, seol
eoi	= [ɔ:]	feoil, reoite, breoite, dreoite, gleoite
iu	= [u]	fliuch, triuch
iú	= [u:]	fiú, siúl, liú
úi	= [u:]	cúis, dúil, múin, sūil, rúin
iui	= [u:]	ciúin, miúil, iúil, misniúil, cairdiúil
ai	= [a]	cait, maise, daite
ea	= [a]	sea, leat, beach, bean, deas, ceacht
ai	= [i]	clainne, bain
ao	= [ɛ:]	aol, baol, caol, daol, saol, gaor, daor, saor, maor
ái	= [a:]	Cáit, áit, gáire, náire, Máire, báire, báid
eá	= [a:]	Seán, breá, sleán, bleán
éi	= [ɛ:]	léim, céim, géim, réim, géire, léir, béic, réice
éa	= [a]	béal, céad, gear, méar
ae	= [ɛ:]	lae, tae
ei	= [ɛ]	teirce, feircín

7. Initial Consonant Di graphs:

Aspiration:-

bh	= [v]	bhord, bhual, bhán
bh'	= [v']	bheol, bheo, bheag

- 34 -

ch	= [x]	chaith, chuir, Cháit
ch'	= [x']	cheol, chearc
dh	= [y]	dhún, dhath
dh'	= [y']	dhein, dhearg
fh	= [f]	ar fhan, ar fhág, an fhuinneog, fhoraois
fh'	= [f']	fheirm, an fheadóg
mh	= [v]	mhúin, mhaith, mhór, Mháire
mh'	= [v']	mhín, mhic
ph	= [f]	a Phóil, sa phóca, phúca
ph'	= [f']	a phíop, an phinsín
sh	= [h]	shábháil, shá
sh'	= [h']	Sheáin, sheol, Shicbhan
sh'	= [h']	Shéamais, shín, Shíle
th	= [h]	thug, tháinig, Thomáis, thóin
th'	= [h']	thit, thriomaigh

Eclipses:-

mb	= [m]	mbord, mbosca, mbróg, mbínse
gc	= [g]	gcos, gcailíní, gcúireann
nd	= [n]	ndroim, ndoras, ndaoine
nd'	= [n']	i ndiaidh, i ndearmad
bhf	= [v]	bhfál, bhfuinneog, bhframaí
bhf'	= [v']	bhfear, bhfilí
ng	= [ŋ]	ngalún, ngáirdin, ngarda
ng'	= [ŋ']	ngealt, ngeata
bp	= [b]	bpost, bpóg, bplód, bplátaí
bp'	= [b']	bpinginí, bpileár
dt	= [d]	dtugann, dtraenacha
dt'	= [d']	dtithe, dtinte



- 35 -

Prefixes t (an t-aran),
 h (na hasail),
 d (d'ith, d'ól),

and eclipses for vowels follow the rules for initial consonants except for d'ith which is [d] or [d'] depending on the vowel that follows:

- d'fhéach, d'fhág.

/d'ɛx/, /dɑ:g/

8. Double Consonants (ending or medial):

nn = [N] crann, ceann, lann

nn' = [N'] cinn, binn, linn

ll = [L] ball, capall, ciáll, halla

ll' = [L'] tuillte, chaill, cill, maille

rr = [R] corr, earrach, barr, carr

ll and nn at the end of a word cause the vowel immediately preceding them to be elongated to a diphthong - ball = baʊL, ann = aʊN. - rr changes a short to a long vowel: barr = ba:R

9. Final Consonants - aspirated:

bh = [v] tiubh, dubh, subh

dh = [φ] ending of nouns -
 cogadh, canadh, bogadh, manadh, magadh

dh = [x] in past tense, passive verb -
 briseadh, tógadh, itheadh

dh = [x] in the conditional -
 bhrisfeadh, thógfadh

dh' = [x] fáidh, buailfidh, réidh

- 36 -

f	= [h]	in future tense and in the conditional - ólfaidh, íosfaidh, d'ólfadh
f	= [f]	in the passive verb, future and conditional - canfar, chanfaí
gh'	= [gʰ]	chuaigh, coiligh, bailigh, imigh
th	= [θ]	caith, maith, leath, dath

10. Consonant blends which will not occur at the beginning of words:

l before b, bh, g, m = [l̪ə]

e.g. dealg, tolg, Colm. bolg,
scolb, Alba, balbh, dealbh

l' before b' bh' g' m' = [lʰ]

e.g. Beilg, sailm, deilbh

r before b = [rə] borb, carbad

r " b' = [rʰ] geirbe, feirge

r " bh = [rə] marbh, garbh, tarbh

r " g = [rə] deag, fearg, lorg

r " g' = [rʰ] meirg

r " m = [rə] arm, gorm

r " m' = [rʰ] airn, feirm, gairm

n before b, bh, and m = [nə]

Banba, banbh, leanbh, manna.

11. Medial Consonants - aspirated:

bh = [bʰ] abhainn, gabhar

bh' = [bʰ] aoibhinn, saibhir, luibheanna

ch' = [tʰ] cluiche, cuaiche, fiche

dh = [dʰ] adharc, radharc, ladhar, fadhó

dh = [dʰ] bodhar



- 37 -

dh'	= [a:]	meidhir, snaidh
gh	= [au]	rogha, bogha, fceghlainn
gh'	= [a:]	aghaidh, saighead, deighilt
mh	= [au]	domhan, damhsa, ramhar, samhradh
mh'	= [i:]	teimheal, geimhreadh, deimheas
mh'	= [a:]	deimhin
mh	= [ɔ]	fómhar, cómhar, samhar, cómhad
th	= [h]	athair, bóthar, rothar, máthair
th'	= [h']	ithe, tithe, flaitheas, ráithe

12. Final Consonants which effect the quality of the preceding vowel/vowels:

m	← [au]	= am, cam, glam, lom
mp	← [au]	=ampa, lampa, ampla, sampla
m'	← [i:]	= droim, suim, in
m	← [a:]	= greim
n	before t	= cuntas, mant, ceantog, punt [u:] [au] [au] [u:]
n	before c	= ponc, sonc, banc [u:] [u:] [a:]
ng	ending	= rang, sreang, seang - [au]
nt'	-	caint, roinnt, intinn [a:] [a:] [i:]
nc'	-	bainc, rince [i:] [i:]
ng'	-	cuing, muing [i:] [i:]
rd (medial and final)	-	ard, garda, bardas, airde, ceird, bord, ord, ordóg [a:] [a:] [a:] [i:] [e:] [ɔ] [ɔ] [ɔ]
rn (medial)	-	doirne, dearna, carnadh, foirne [ɔ] [a:] [a:] [ɔ:]

The above phonic list could be used as an aid to facilitate learners to unlock new words. Orthographic competence and the ability to construct meaning from the text will also

FOCLÓIRÍN TÉARMAÍOCHTA

LEAGAN ACADÚIL	LEAGAN SIMPLÍ	MÍNIÚ
Fóinéim	Fuaim	Na haonaid is lú fuaim i bhfocal is ea na fóinéimí. m.sh. f – ea – r
Graiféim	Litriú	An litir nó na litreacha a sheasann d'fhuaim amháin (fóinéim) m.sh. F an a Ph ádraig.
Cumasc (fuaimeanna)	Fuaimeanna a Chur le Chéile i bhFocal (don léitheoireacht)	b – o – g = bog
Deighilt (fuaimeanna)	Fuaimeanna a Scaradh nó a Bhaint ó Chéile i bhFocal (don scríobh / litriú)	beannaigh = b - ea - nn - aigh
Ionramháil / Múnlú Focal	Malartú nó Babhtáil Fuaimeanna i bhFocla	Babhtáil agus fágáil ar lár fuaimeanna i bhfocla
Focla gan Chiall	Focla gan Chiall	Modh teagaisc an-lárnach i gcur chuige na fónaice is ea focla cumtha (gan chiall) a úsáid le patrúin litrithe fuaime a chleachtadh nó a thástáil.
(An Fhónaic) Ionduchtach	Scríobh is Abair (nó Léigh is Abair)	Modh teagaisc an-lárnach i gcur chuige na fónaice: nuair a deir an foghlaimeoir chuile fhuaim amach os ard de réir mar atá sé nó sí á scríobh (nó á léamh).



An Schwa	An Schwa	Go minic i bhfocla ilsiollacha, bíonn béim ar shiolla amháin agus fuaim na ngutaí sna siollaí eile níos laige dá bharr. Tugtar 'Schwa' ar ghuta lag den chineál seo ar deacair a litriú a dhéanamh amach ó chluais.
Défhoghar / Tréfhoghar	Défhoghar / Tréfhoghar	Nuair a bhíonn dhá nó trí fhuaim ghuta le cloisteáil i bhfocal, go soiléir (nó ag sleamhnú isteach ina chéile). (ua/dua agus ia/Dia eá/meán agus ái/fáil).
Dégghraf / Trégghraf	Dégghraf / Trégghraf	Nuair a sheasann dhá nó trí litir d' aon fhuaim amháin i bhfocal. M.sh. tae (é); aois (í).

* Tabhair faoi deara go bhfuil na focla thuas grúpáilte le téarmaí eile gaolmhara, ní de réir ord aibítire.

Leabharliosta

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Curaclam nua Teanga na Bunscoile: Scoileanna T1 (Contanam dul chun cinn)*, (An Roinn Oideachais agus Scileanna, BÁC, 2015)
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, *A Balanced Approach to Literacy Development in the Early Years* (NEPS, 2016)
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, *Cur Chuige Cothromaithe i Leith Fhorbairt na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile* (NEPS, 2017)
- Bear, Invernizzi, Templeton & Johnston: 5th Edition, *Words Their Way: Word Study for Phonics, Vocabulary and Spelling Instruction* (Pearson, 2013)
- Belfast Education and Library Board *Fónaic na Gaeilge* (BELB, 2011)
- Blackstock, Harry & Patrick McEvoy, Phonics Ireland, (cúrsa ar líne) www.phonicsireland.com (2008-2014)
- Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall, *Core Skills: First Steps in Reading, Writing, Listening & Speaking and Quantity & Number*
- Carrigan, Jane & Downes, Dr. Paul with Byrne, Imelda, *Is there more than what's the score? Exploring needs and skills checking for literacy as part of a holistic initial assessment process in a lifelong learning society*. (Education Disadvantage Centre, St. Pat's, Dublin, 2010)
- Clarke, Alison, *Spelfabet*, www.spelfabet.com.au
- Cowling, Keda & Cowling, Harry, *Stareway to Spelling* (Keda Publications UK, 2002)
- Cowling, Keda & Cowling, Harry, *Toe by Toe: A Highly-Structured Multi-Sensory Reading Manual for Teachers and Parents* (Baildon UK, 1993)
- Culligan, Brendan, *Spelling and Handwriting* (Culligan, Dublin 2009)
- Curaclam Thuaisceart Éireann, Féasta Focal* (CCEA, 2010)
- Curaclam Thuaisceart Éireann, Straitéisí Molta le haghaidh Feabhsúchán Deacrachtaí sa Léitheoireacht* (CCEA 2007)
- Davenport, M. Ruth, *Miscues, Not Mistakes: Reading Assessment in the Classroom* (Heinmann, Portsmouth NH, 2002)
- Dept. for Education & Skills UK *Letters and Sounds: Principles & Practices of High Quality Phonics* (Crown Copyright, 2007)
- Fountas, Dr. Irene C. & Pinnell, Dr. Gay Su, *The Common Core Standards for Language and Literacy and The Continuum of Literacy Learning, Grades PreK – 8: A Guide to Teaching* (Heinemann, Portsmouth NH, 2010)
- Fry, Kress & Fountoukidis, *The Reading Teachers' Book of Lists, 4th Edition*, Jossey-Bass, USA, 2000)
- Gillingham, Anna & Stillman, Bessie, *The Gillingham Manual* (Educators Publishing Service, 1997)
- Gittins, Ros, *An Introduction to Literacy Teaching* (The Basic Skills Agency, London, 1998)
- Hatcher, Duff, Hulme, *Sound Linkage – An Integrated Programme for Overcoming Reading Difficulties* (Wiley Blackwell USA, 2014)
- Hornsby, Shear & Pool, *Alpha to Omega, The A-Z of Teaching Reading, Writing and Spelling* (Heinemann, 1975)



- Kennedy, Dunphy, Dwyer, Hayes, McPhillips, Marsh, O'Connor & Shiel, *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3-8 years)* (NCCA, 2012)
- Lloyd, Sue, *The Phonics Handbook: A Handbook for Teaching Reading, Writing and Spelling* (Jolly Learning, 1992)
- Mac Ionmhain, Seosamh, *Bunlitriú* (An Comhlacht Oideachais, 1988)
- Mac Lochlainn, Antain & Ní Mhaonaigh Siuán, *Blas: Cleachtaí Foghraíochta* (COGG, 2014)
- Marinovich, Carol, *DOLCH: Sight Word Activities* (McGraw-Hill, Columbus 1999)
- Moats, Louisa, *Speech to Print: Language Essentials for Teachers* (Brookes Publishing USA, 2010)
- Moats, Louisa, *Speech to Print Workbook: Language Exercises for Teachers* (Brookes Publishing USA, 2011)
- Muintearas: *An Togra Oideachais Ghaeltachta Scéim Foghraíochta* (Muintearas, 2006-2010).
- NALA, *Curriculum Development: An evolving model for adult literacy and numeracy education* (NALA, Dublin 2009)
- Newell, Anne, *The Newell Literacy Programme* (Learning Horizons, 2004)
- Ní Ghrádaigh (Eag.), *Liostaí Bhreacadh: Focail Choitianta sa Ghaeilge* (Breacadh, 2007)
- Ní Ghrádaigh, Ní Iarnáin & Ní Iarnáin, *Nuascríobh na Gaeilge* (Breacadh, 2003)
- Ní Shéaghdha, Síle, *Fónaice agus Rann, Cleachtaí & Greann* (Lámh Chúnta, 2014)
- Ní Shéaghdha, Síle, *Learaí Litriúcháin A-F* (Síle Ní Shéaghdha, 2005)
- Nic Giolla Bhríde, Ciara, *Fonn na Fónaice* (Gill Education, 2013) (CD-Rom)
- Novelli, Joan, *Wonderful Word Family Games*, Scholastic Professional Books USA, 2002)
- NSW Dept. of Education, *Literacy Continuum*, (NSW Dept. of Education, 2015)
- Ó Baoill, Dónall P., *Cleachtaí Foghraíochta* (ITÉ, BÁC, 1975)
- Ó Baoill, Dónall P., *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh*, (ITÉ, BÁC, 1996)
- Ó Bróithe, Éamonn, *Litearthacht Aosoach sa nGaeltacht: Staidéar ar Riachtanais agus ar Chumas Aosach maidir le Litearthacht i nGaeilge* (tráchtas PhD, Ollscoil Éireann Gaillimh, 2015)
- Ó hÓgáin, Nollaig, *Buntús Litrithe* (Gill & MacMillan, 1982)
- Ó Huallacháin, Colmán, *Bunchúrsa Foghraíochta* (An Gúm, BÁC, 1993)
- Ó Murchú, Séamus, *Cúrsa Tosaigh Foghraíochta*, (An Gúm, BÁC, 1985)
- Ó Murchú, Séamus, *An Teanga Bheo, Conamara* (ITÉ, BÁC, 1998)
- Ó Sé, Diarmuid, *An Teanga Bheo, Corca Dhuibhne* (ITÉ, BÁC, 1995)
- Ó Siadhail, Micheál, *Córas Fuaimanna na Gaeilge* (An Institiúid Ardléinn, BÁC, 1983)
- Ó Buachalla, Breandán, *An Teanga Bheo, Gaeilge Chléire* (ITÉ, 2003)
- Ó Raghallaigh, Brian, *Fuaimanna na Gaeilge* (Cois Life, BÁC, 2013)
- Rose, Jim, *Independent Review of the Primary Curriculum* (Dept. of Education UK, 2009)
- Spencer Learning, *Ultimate Phonics Reading Program Words and Sentences* (Spencer Learning, 2000)
- Wernham, Sara & Lloyd, Sue, *Jolly Phonics Teacher's Book* (Jolly Learning, 2010)


Mar a Déarfá!

An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge

Cur chuige agus áiseanna tacaíochta
chun líofacht léitheoireachta agus cruinneas litrithe a mhúineadh
don chainteoir dúchais Gaeilge.

Príomhfhuaimneanna na Gaeilge: An Cód Soiléir 1

Gutaí	á	ó	ú	é	í			
	ál	ól	sú	gé	rí			
	a	o	u	e	i			
Consaim	las	gob	pus	te	mil			
	b	c	d	d'	f	g	h	
	bád	cúl	dó	deifir	fás	gúna	hata	
Eile	j	l	m	n	p	r	r'	
	jip	lón	mór	nóta	poc	rós	fir	
	s	s'	t	t'				
	sop	sicín	túr	tíim				
Eile	ua	ia	ng	bh	bh'	ch	ch'	
	fuair	iasc	ingar	an bhó	an bhóir	chas	an chéist	
	dh	dh'	fh	ai	agh	abh	t'	
	dhá	luch	dhíbir	an fhídal	craic	slaghán	babhla	tíl



Cúrsaí fónaice is bunús leis an gclár seo, ach téitear i muintín rialacha litrithe, gramadaí agus eile de réir mar is gá le litriú na Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach.



Tuilleadh eolais:

BREACADH,
Acmhainn Aosoideachais trí
Ghaeilge don Ghaeltacht
Casla, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-506846
R-phost: eolas@breacadh.ie



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscolaíochta



Foras na Gaeilge